Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**5235/1/24**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0345(NLE)**

**VISA 5**
**MIGR 6**
**RELEX 18**
**COAFR 9**
**COMIX 9**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459 maidir le táille víosa mhéadaithe a chur i bhfeidhm i ndáil leis an nGaimbia<br>– Glacadh |

1. An 28 Meán Fómhair 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459 maidir le táille víosa mhéadaithe a chur i bhfeidhm i ndáil leis an nGaimbia[1].

2. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Víosaí an 23 Deireadh Fómhair 2023, thíolaic an Coimisiún an togra agus tionóladh an chéad seisiún tuairimíochta maidir leis an togra. Rinneadh tuilleadh plé ar an togra ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Víosaí an 16 Samhain 2023 agus formheasadh é ina dhiaidh sin ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Víosaí an 19 Nollaig 2023.

[1] 13574/23

3. Cuireadh isteach, áfach, ar ghlacadh an togra mar gheall ar laghdú a rinne an Ghambia ar an gcomhar maidir le hathligean isteach a bhí á dhéanamh aici ó thaobh eitiltí agus oibríochtaí fillte a eagrú. A luaithe a bhí an tsaincheist sin réitithe, chinn an Mheitheal um Lánpháirtiú, Imirce agus Díbirt an 12 Márta 2024 iarraidh ar an Meitheal um Víosaí an togra a fhormheas arís, togra a formheasadh ina dhiaidh sin ag cruinniú na Meithle um Víosaí an 26 Márta 2024.

4. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

5. Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme thuasluaite, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 16980/23 + COR 1 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Foilseofar an Cinneadh cur chun feidhme san Iris Oifigiúil i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.